# Coláiste Gharumna
# Polasaí Teanga

## Polasaí Teanga

**Is í an Ghaeilge príomhtheanga Coláiste Gharumna** agus beifear ag súil leis an Ghaeilge amháin a chloisteáil ó na mac léinn, ní hamháin ag an gColáiste ach ag teacht agus ag imeacht ón gColáiste, sna tithe lóistín, sna siopaí, sna tithe ósta, agus sna bialanna áitiúla agus ag aon imeachtaí a bhaineann leis an gColáiste.

- Tá an Bord Bainistíochta Coláiste Gharumna freagrach as an bPolasaí Gaeilge a chur i bhfeidhm.
- Tá an Príomhoide freagrach i leith úsáid na Gaeilge sa gColáiste.
- Tá múinteoirí Coláiste Gharumna freagrach as cinntiú go bhfuil Gaeilge in úsáid ina ranganna siúd agus sa gColáiste i gcoitinne.
- Tá Gaeilge ag gach duine atá fostaithe ag Coláiste Gharumna. Labhrófar Gaeilge leis na mac léinn agus leis na múinteoirí an t-am ar fad. Tá dualgas ar chuile duine atá fostaithe ag an gColáiste spiorad sainiúil Coláiste Gharumna a chosaint agus gan an spiorad a shárú, a ísliú nó a dhíspeagadh in aon slí.
- Feidhmeoidh an Bord Bainistíochta Coláiste Gharumna trí mheán na Gaeilge an t-am ar fad. Cruinneas agus saibhreas teanga a chothú, le go mbeidh ardchaighdeán Gaeilge sa gColáiste.
- Go spreagfaí an teanga cultúr na Gaeilge agus an cultúr Gaelach sa gColáiste agus taobh amuigh den Choláiste.
- Meas agus tuiscint don Ghaeilge a chothú i measc na mac léinn.
- Chun spreagadh a thabhairt do na scoláirí an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile.
- Meabhrófar tábhacht na Gaeilge do na mac léinn go rialta.
- Déanfar chuile iarracht aoi-chainteoirí le Gaeilge ar topaicí eagsúla a fháil don Choláiste más féidir mar shampla aisteoirí ó sobal dhráma Ros na Rún, craoltóirí ó Radio na Gaeltachta agus TG4
- Cuirfear na mac léinn ar an eolas maidir le meáin na gaeilge : scríofa agus craolta
Spreagfar na mac léinn chun leabhair agus nuachtáin gaeilge a léamh go rialta chomh maith le bheith ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta agus a bheith ag féachaint ar TG4.

**Próiseas chun déileáil le mac léinn a sháríonn an Polasaí Teanga**

**An Chéad Uair:** Labhraíonn an múinteoir leis an mac léinn go neamhfhoirmealta

**An Dara Uair:** Labhraíonn an Príomh Oide leis an mac léinn go neamhfhoirmealta

**An Triú Uair:** Labhraíonn an Príomh Oide go foirmealta leis an mac léinn

**An Ceathrú Uair:** Deanann Coláiste Gharumna teagmháil le teagmhalaí An t-Institiúid ArdOideachais maidir le sárú na rialacha.

**Achomharc**

Má chuirtear an mac léinn ar fionraí tá cead aige nó aice achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh chuig Coláiste Gharumna i dtaca leis an Institiúid ArdOideachais.